An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

# Treoir do Mhúinteoirí Cláraithe

## Faoi Úsáid na Meán Sóisialta agus na Cumarsáide Leictreonaí





## 1. Réamhrá

Díríonn an doiciméad seo ar threoir a chur ar fáil do mhúinteoirí a úsáideann cumarsáid leictreonach agus meáin shóisialta[1]. Luaitear féideartha ann agus tairgtear comhairle chun iad a sheachaint, agus tugtar comhthéacs maidir leis an gcumarsáid leictreonach agus na meáin shóisialta a bheith in úsáid ar bhealach freagrach gairmiúil.

Nóta le haghaidh scoileanna: *D'fhéadfadh an treoir seo a bheith ina chuidiú do scoileanna agus beartas meán sóisialta na scoile á fhorbairt. Is fiú a nótáil áfach nár chóir an treoir seo a úsáid in áit beartais meán sóisialta le haghaidh scoileanna, ná mar bheartas meán sóisialta le haghaidh scoileanna.*

Rinne an Chomhairle Mhúinteoireachta an treoirdhoiciméad seo a fhormheas i ndiaidh comhairliúcháin leis na geallsealbhóirí ábhartha. B'é comhthéacs an doiciméid seo, gur thug an Coiste Imscrúdúcháin méadú faoi deara ar líon na ngearán faoin bhFeidhmiúlacht chun Múineadh a bhain leis na meáin shóisialta/ cumarsáid leictreonach a bheith i úsáid ag múinteoirí sa chumarsáid laistigh de chúrsa a ngairme múinteoireachta agus lasmuigh de.

Tá go leor múinteoirí a úsáideann na meáin shóisialta chun a gcleachtas seomra ranga a fheabhsú, chun daltaí/scoláirí a chur ar an eolas faoi uirlisí nua agus chun an curaclam a chur ar fáil ar bhealaí nuálacha spéisiúla. Tugann an chumarsáid leictreonach agus na meáin shóisialta bealaí nuálacha do mhúinteoirí chun cumarsáid a dhéanamh le scoláirí, le comhghleacaithe agus leis an bpobal. Bíonn líonraí gairmiúla iata úsáideach chun taithí/ eispéiris a chomhroinnt, grúpaí saineolais nó foghlama a chur ar bun agus comhairle nó cúnamh a fháil.

Tá sé tábhachtach aitheantas a thabhairt don obair nuálach sa spás seo atá á treorú ag neart múinteoirí le tamall.

Tá ceart chun príobháideachais agus chun saoirse cainte ag múinteoirí. D'fhéadfadh múinteoirí a bheith faoi réir leibhéal níos airde grinnscrúdaithe phoiblí, ag éirí as a gcuid oibre le leanaí agus le daoine leochaileacha. Sa chomhthéacs sin, moltar do mhúinteoirí dul de réir an dea-chleachtais nuair a bhaineann siad úsáid as an gcumarsáid leictreonach agus as na meáin shóisialta. Ba cheart do mhúinteoirí cláraithe agus dóibh siúd a bheidh ag iarraidh clárú amach anseo na dúshláin a aithint a d'fhéadfadh a bheith ag baint le húsáid na cumarsáide leictreonaí agus/nó na meán sóisialta.

Níor mhiste an treoir seo a léamh i gcomhar le Cód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí (An Chomhairle Mhúinteoireachta), roinn 3, a bhaineann le cúrsaí cumarsáide. Agus chun nach mbeadh aon amhras ann, is é an Cód Iompair Ghairmiúil an tagarmharc a bheidh ag an gComhairle nuair a bheidh gearáin i gcoinne múinteoirí cláraithe á mbreithniú acu.

Féachann an treoir seo chun tacú le múinteoirí ionas go leanfaidh siad i mbun uirlisí cumarsáide leictreonaí agus meán sóisialta a úsáid ar an mbealach is fearr.

Agus an raon taithí ar fud ghairm na múinteoireachta á chur san áireamh, d'fhéadfadh an treoirdhoiciméad seo a bheith ina mheabhrúchán úsáideach do mhúinteoirí áirithe nó b'fhéidir go músclódh sé tuiscint i múinteoirí eile faoi úsáid iomchuí na meán sóisialta agus na cumarsáide leictreonaí.

## 2. An Chumarsáid Leictreonach agus na Meáin Shóisialta

Áirítear iad seo a leanas sa chumarsáid leictreonach agus sna meáin shóisialta: feidhmchláir bhogearraí (lena n-áirítear feidhmchláir a ritheann ar ghléasanna móibíleacha), ríomhphost agus suíomhanna gréasáin a chuireann ar chumas úsáideoirí idirghníomhú ar líne, nó faisnéis a chruthú agus a mhalartú ar líne. Samplaí díobh is ea suíomhanna amhail Facebook, LinkedIn, Twitter, YouTube, Instagram, ach gan a bheith teoranta dóibh. Áirítear úsáid SMS ansin freisin, agus ardáin teachtaireachtaí amhail Whatsapp, Facebook Messenger, Snapchat agus Viber.

1 Is é a thuigtear leis an téarma 'meáin shóisialta', feidhmchláir ghréasánbhunaithe a chuireann ar chumas úsáideoirí ábhar a chruthú agus a chomhroinnt. San áireamh ansin tá blaganna agus micreabhlaganna, fóraim ghréasáin, bídís gairmiúil nó pearsanta, chun íomhánna agus físeáin a chomhroinnt, agus líonraí sóisialta.

## 3. Rioscaí agus gaistí a aithint i gcás múinteoirí cláraithe a úsáideann an chumarsáid leictreonach agus na meáin shóisialta

Féadann an teorainn idir do shaol príobháideach agus do shaol gairmiúil a bheith doiléir uaireanta ag éirí as úsáid na cumarsáide leictreonaí agus na meán sóisialta. Moltar an úsáid phearsanta agus an úsáid ghairmiúil a choinneáil scartha ó chéile, más féidir. Tá sé tábhachtach dá réir go mbeifeá an-chúramach le húsáid na cumarsáide leictreonaí agus na meán sóisialta, mar seo a leanas:

- Cuimhnigh go bhféadfadh daoine eile (e.g. daltaí/scoláirí, fostóirí féideartha agus tuismitheoirí) a bheith ag iarraidh breathnú ar do phróifílí meáin sóisialta ar líne, nó go ndéanfaidís d'ainm a ghúgláil fiú;
- Is minic a bhíonn fonn ar dhaoine idirphlé neamhfhoirmiúil a dhéanamh sa chumarsáid mheán sóisialta. Is féidir míbhrí a bhaint as tráchtanna nó as postálacha, agus is féidir iad a ionramháil.
- D'fhéadfá a bheith i mbaol ón mí-úsáid: mar shampla, d'fhéadfá a bheith luaite i bpostálacha míchuí nó d'fhéadfaí tú a aimsiú iontu, gan tú a bheith ar an eolas, b'fhéidir, nó gan do chead.
- Bíonn postálacha ar líne faoi réir dhlí an chóipchirt agus an chlúmhillte ar aon dul le cumarsáid i scríbhinn/ ó bhéal. Ní féidir le suíomhanna gréasáin ná le suíomhanna meán sóisialta an rúndacht a ráthú, is cuma cé na socruithe príobháideachais atá in úsáid. Cé go bhfuil ardáin ann nach gceadaíonn faisnéis a chomhroinnt, de réir na socruithe a bhaineann leo, seachas le grúpa iata cairde nó ball teaghlaigh, amháin, ní féidir an príobháideachas sin a ráthú áfach. Tá sé tábhachtach, ar an ábhar sin, tú féin a chur ar an eolas maidir le forálacha príobháideachais aon suímh meán sóisialta a úsáideann tú, agus a bheith san airdeall faoi na srianta a bhaineann le faisnéis a choinneáil príobháideach ar líne.
- A luaithe a fhoilsítear faisnéis ar líne, sin deireadh le cibé smacht a bhí agat uirthi. Féadann sé a bheith deacair í a bhaint anuas mar d'fhéadfadh sí a bheith comhroinnte ag úsáideoirí eile, nó d'fhéadfadh tráchtanna a bheith scríofa;
- Maidir le faisnéis a uaslódáiltear go hanaithnid, bíodh a fhios agat gur féidir í a rianú siar go dtí a bunphointe go minic.
- Is leor suim na faisnéise a foilsíodh ar líne, uaireanta, chun duine a aithint.

## 4. Na Rioscaí a íoslaghdú nuair atá Meáin Shóisialta agus Cumarsáid Leictreonach in úsáid agat

Ag glacadh leis go bhfuil raon taithí i measc múinteoirí maidir leis an úsáid a dhéanann siad den chumarsáid leictreonach agus de na meáin shóisialta, b'fhéidir go mbeadh an méid seo a leanas ina mheabhrúchán úsáideach do mhúinteoirí áirithe nó go músclófaí tuiscint i múinteoirí eile chun an riosca a íoslaghdú nuair a bhíonn meáin shóisialta agus cumarsáid leictreonach in úsáid acu:

- Sula ndéanfaidh tú ábhar a phostáil b'fhiú cuimhneamh ar na nithe seo a leanas:
  - Cé na daoine a fheicfidh an phostáil seo?
  - An bhfuil mé cinnte, sa chás go dtiocfadh daoine eile ar an bpostáil seo, go measfaí gur postáil réasúnta a bhí ann, agus go raibh sí iomchuí, ag cur san áireamh gur duine gairmiúil a rinne í a phostáil?
- Athbhreithnigh do shocruithe príobháideachais ar bhonn rialta chun rioscaí a íoslaghdú, déan machnamh faoi do shocruithe ar shuíomhanna meán sóisialta. B'fhéidir go smaoineofá ar chosc a chur ar dhaoine eile tú a chlibeáil in aon fhótagraf nó nuashonrú gan do chead; bí ar an eolas faoi aon fhótagraif a foilsíodh ar líne agus tú féin iontu, agus ar an áit a bhféadfaidís a bheith postáilte.
- Bíodh pasfhocail láidre agat, agus athraigh iad go rialta, Ná comhroinn pasfhocal riamh.
- Cosain d'fhón póca, do ríomhaire glúine, do tháibléad. Bíodh a fhios agat cá bhfuil siad agus cé na daoine a bhfuil rochtain acu orthu;
- Cuir aithne ar a bhfuil in *Treoir do Mhúinteoirí Cláraithe faoi Úsáid na Meán Sóisialta agus na Cumarsáide Leictreonaí* (an Chomhairle Mhúinteoireachta) agus ar aon pholasaithe/ treoirlínte i do scoil a bhaineann le húsáid na cumarsáide leictreonaí agus na meán sóisialta; b'fhéidir nach mbeadh sé indéanta gan d'uimhir theagmhála a bheith ar fáil ag daltaí/ scoláirí faoi dhálaí oibre áirithe, is é an moladh áfach a bheith cúramach faoi d'eolas pearsanta a thabhairt amach: sonraí amhail uimhreacha teileafóin, seoltaí, seoltaí ríomhphoist, fótagraif phearsanta etc.
- Moltar gan daltaí/scoláirí, tuismitheoirí, comhghleacaithe nó d'fhostóir a phlé ar líne;



# 5. Sa chás go mbeifeá féin i d'ábhar úsáide míchuí sna meáin shóisialta nó sa chumarsáid leictreonach, b'fhéidir gurbh fhiú duit an méid seo a leanas a chur san áireamh:

- Má bhraitheann tú go bhfuil sé sábháilte, b'fhéidir gurbh fhiú duit dul i dteagmháil leis an té a phostáil an t-ábhar agus a iarraidh air/uirthi an phostáil a bhaint anuas.
- Mura bhfaigheann tú freagra, nó mura bhfuil tú in ann an té atá freagrach as ábhar a phostáil a aithint, téigh i dteagmháil leis an suíomh gréasáin/riarthóir na haipe nó leis an soláthróir chun an úsáid mhíchuí a thuairisc agus chun a iarraidh go ndéanfar an t-ábhar a scriosadh.
- Seiceáil an bhfuil polasaí ag do scoil chun déileáil le hiompar míchuí na ndaltaí/scoláirí i leith múinteoirí.
- Seiceáil an bhfuil polasaithe nó nósanna imeachta ag do scoil chun déileáil le hiompar míchuí fostaithe. Maidir le múinteoir atá ina (h)ábhar úsáide míchuí sa chumarsáid leictreonach nó sna meáin shóisialta, b'fhéidir gurbh fhiú dó/di dul i gcomhairle le bainistíocht na scoile agus/nó lena (h)ionadaí ceardchumainn faoin scéal.
- Má bhraitheann tú gur ghníomhaigh duine ar bhealach mídhleathach i do leith, b'fhéidir gurbh fhiú duit comhairle dlí a lorg agus/nó dul i dteagmháil leis an nGarda Síochána.
- B'fhéidir gurbh fhiú duit breathnú ar Be Safe Online, tionscnamh Rialtais, a ceapadh chun díriú ar shlite inar féidir a bheith sábháilte ar líne; tá raon acmhainní ann don tSábháilteacht ar líne.
- Féach freisin www.webwise.ie i gcomhair faisnéis agus acmhainní a dhíríonn ar raon ceisteanna agus ábhar imní faoin tsábháilteacht idirlín. Webwise i gcomhair tacaíocht do dhaoine óga, do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí.
- 'Spectrum Life': Seirbhís cúnaimh agus folláine saor in aisce, faoi rún, do mhúinteoirí agus dá ngarghaolta. Tríd an Roinn Oideachais agus Scileanna, cuireann 'Inspire Workplace' rochtain ar chomhairleoireacht faoi rún (tacaíocht agus réiteach-dírithe) do mhúinteoirí a d'fhéadfadh cuidiú leo déileáil le drochiarmhairtí deacrachtaí pearsanta agus oibre.
- T: 1800 411 057 W: www.inspirewellbeing.org/workplaces



Tá sé i gceist an doiciméad Treorach seo a athbhreithniú agus a uasdátú ó am go ham.

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad,
Maigh Nuad, Co. Chill Dara, Éire

Teileafón +353 1 651 7900
Ríomhphost info@teachingcouncil.ie

www.teachingcouncil.ie

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council